

# Réidh nó a mhalairt? Rólimirt i dtaobh gaschealla a thabhairt chuig an chlinic

## Treoiríníte don Choiste um Eitic sa Taighde

### Is é an tasc agat iarratas Stem Cell Therapeutics a léirmheas

Chun comhairle a chinneadh, ba chóir don CET an tsonraíocht eolaíochta agus fianaise agus imní agus moltaí eile dá gcuireann Stem Cell Therapeutics agus páirtithe leasmhara eile faoina bhráid a chur san áireamh.

Agus tú ag machnamh, tá sé tábhachtach na gnéithe seo a chur san áireamh:

- cé chomh sábháilte atá an chóireáil mholta do na rannpháirtithe
- cáilíocht na sonraí eolaíochta a mbunaítear an triail orthu
- éifeachtacht na cóireála a bhfuil súil léi
- cad é a chiallóidh san am le teacht má éiríonn leis an triail chliniciúil (b'fhéidir go mbunóidh an cinneadh faoin triail chliniciúil seo nós do thrialacha cosúla comhlachtaí eile san am le teacht)
- an bhfuil an chóireáil seo chomh maith le cóireálacha atá ann cheana?

Beidh ar an Choiste comhairle a chinneadh trí chomhdhearcaidh, ós rud é go bhfuil uimhir chothrom (ceathrar) de bhaill ann. Ní fhéadfaidh sibh vótáil faoin chinneadh dheireannach.

Ní gá go bhfuil “Formheasta” nó “Diúltaithe” simplí sa chinneadh. D'fhéadfadh sé a bheith rud éigin mar “Formheasta, ach...”, nó “Diúltaithe, mura/go dtí go bhfuil na coinníollacha seo i bhfeidhm...” Féadann an Coiste turgnaimh bhreise sa tsaotharlann a éileamh, nó foinse na ngascheall a úsáidtear sa triail a theorannú, mar shampla.

Nuair a fhorghéasann an Coiste, ba chóir dó léiriú má tá sé ag iarraidh tuarascála ar bith faoin dul chun cinn ón iarratasóir ó am go chéile.

Cibé an toradh, ba chóir don Choiste a bheith in ann taispeáint gur ghníomhaigh sé go réasúnta agus comhairle áirithe á déanamh aige. Cé acu an bhformheastar nó an ndiúltaítear an togra, ba chóir fáth an cinnidh sin a chur ar fáil don chomhlacht agus don lucht féachana ag an Éisteacht Phoiblí Oscailte.

Mar sin, nuair a chuireann sibh bhur gcinneadh i láthair, bheadh sé úsáideach déanamh de réir na treorach seo thíos:

- ainm an chomhlachta
- achoimre shimplí den togra
- na saincheisteanna a phléigh an Coiste
- conclúidí an Choiste.

Roghnaíodh duine agaibh mar chathaoirleach an Choiste. Ba chóir dó/di:

- gníomhú mar mhodhnóir le linn daoibh teacht ar chomhdhearcaidh;
- gníomhú mar éascaitheoir do bhaill eile agus don lucht féachana;
- an díospóireacht a dhíriú ar na saincheisteanna ábhartha;
- am an chruinnithe a bhainistiú;
- déanamh deimhin de go bhfreagraítear ceisteanna uilig an Choiste.

# Réidh nó a mhalairt? Rólimirt i dtaobh gaschealla a thabhairt chuig an chlinic

Buíochas



Mhainigh an MRC agus an ESRC an taighde a úsáideadh sa rólimirt seo, agus d'fhorbair REMEDI a thuilleadh é.



Ag:

Arna nuashonrú ag:



ARNA AISTRÍÚ AG SCIENTIX  
([www.scientix.eu](http://www.scientix.eu))



Ceadúnaíodh an saothar seo de réir Ceadúnais Creative Commons Attribution-NonCommercial-ShareAlike. Le cóip den cheadúnas seo a fheiceáil, tabhair cuairt ar <http://creativecommons.org/licenses/by-nc-sa/3.0/> nó cuir litir chuig Creative Commons, 444 Castro Street, Suite 900, Mountain View, California 94140, SAM.